

Leibhéal B2

Topaic 14: Cad é atá sa nuacht?

Bileog 14.1a agus Bileog 14.1b

- Roinn an rang i ngrúpaí de bheirteanna agus scaip **Bileog 14.1a** ar gach duine sa rang.
- *An seomra nuachta – Léamh:* Iarr ar gach beirt an t-alt a léamh le chéile agus an leagan Gaeilge de na focail a aimsiú san alt le linn dóibh a bheith ag léamh.

Freagraí:

- to discard something:	(rud) a chaitheamh i dtraipisí
- applied communications:	cumarsáid fheidhmeach
- broadcasting supervisor:	maor craolacháin
- camera work:	ceamaradóireacht
- bulletin:	feasachán
- articulation:	urlabhraíocht

- *An seomra nuachta – Plé:* Léigh na ceisteanna leis an rang agus cuir gach triúr ina suí le chéile leis na ceisteanna a phlé.
- Bí ag siúl thart le cuidiú le haon deacracht atá acu le linn na gníomhaíochta.
- Pléigh na ceisteanna leis na foghlaimeoirí ar fad agus ceartaigh aon bhotún teanga a chloiseann tú.
- *An seomra nuachta – Teanga:* Scaip **Bileog 14.1b** ar gach beirt agus abair leo tabhairt faoi na ceisteanna atá bunaithe ar shliocht ón alt atá díreach léite acu. Cuir ina luí ar an rang gan a bheith ag féachaint siar ar an alt.

Freagraí:

1. ‘Bhí an tsochraid agus **an t-adhlacadh** (is focal firinsneach é agus mar sin tá *t* ar ghuta) thart agus bhí na meáin ar fad ar bís lena fháil amach cé a thiocfadh i gcomharba air. Bhí súile **an domhain** (tá an t-ainmfhocal *domhan* sa tuiseal ginideach agus mar sin caolaítear an t-ainmfhocal) dírithe ar shimpléar, agus muid ag fanacht le deatach bán a fheiceáil, rud a d’inseodh dhúinn go raibh Pápa nua ceapaithe. Ceann de na hoícheantaí agus muid ar an aer, bhí mé ag labhairt lenár dtuairisceoir Rónán Mac an Iomaire a bhí sa Vatacáin. Bhí muid díreach théis tosaí ag caint, nuair a cloiseadh clampar **mór** (níl aon séimhiú ar an aidiacht *mór* mar tá an t-ainmfhocal *clampar* firinsneach) agus rúille búille. Bhí deatach de **chineál** (séimhítear ainmfhocal a thosaíonn le consan tar éis an réamhfhocail shimplí *de*) éigint le feiceáil taobh thiar de ghualainn Rónáin. . . agus bhí air imeacht agus fáil amach cén dath a bhí ar an **deatach** (cé go gcuirtear urú ar an ainmfhocal sa tuiseal tabharthach bíonn na *dentals* i gceist mar atá sa chás seo). D’fhág muid an Róimh ar feadh dhá nóiméad, agus ansin chuaigh muid ar ais arís ‘leis an scéal is déanaí a fháil ó Rónán. Bhí an rud ar fad chomh beo! Lá dár saol!’

2. dhúinn – dúinn, ceapaithe – ceaptha, na hoícheantaí – na hoícheanta, théis – tar éis, tosaí – tosú, éigint – éigin.
3. An briathar saor (aimsir chaite)
- 4.

	Aim. Láith	Aim. Chaite	Aim. Fháist.	An Modh Coinn.
clois	cloistear	cloiseadh	cloisfear	chloisfí
abair	deirtear	dúradh	déarfear	déarfaí
tuairiscigh	tuairiscítear	tuairiscíodh	tuairisceofar	thuairisceofaí
faigh	faightear	fuarthas	gheofar	gheofaí
feic	feictear	chonacthas	feicfear	d'fheicfí
scaoil	scaoiltear	scaoileadh	scaoilfear	scaoilfí
gabh	gabhtar	gabhadh	gabhfear	ghabhfaí
gearr	gearrtar	gearradh	gearrfear	ghearrfaí
ionsaigh	ionsaítear	ionsaíodh	ionsófar	d'ionsófaí
léirigh	léirítear	léiríodh	léireofar	léireofaí

Bileog 14.2

- *An nuacht – Réamhobair éisteachta:* Scaip **Bileog 14.2** ar gach beirt agus abair leo a machnamh a dhéanamh ar an fhoclóir a bhaineann leis na topaicí (Scéal 1 – 4). Abair leo nach gá go mbeadh cur amach acu ar na scéalta éagsúla ach buille faoi thuairim a thabhairt.
- *An nuacht – Éisteacht:* Abair leo na ceisteanna (a) – (d) a dhéanamh leo féin ar dtús agus ansin na ceisteanna a phlé leis an duine in aice leo. Pléigh thusa na míreanna leis an rang - seo thíos an stór focal is tábhachtaí a bhí le cloisteáil sna míreanna iomlána:

Scéal 1

The Real IRA:	An fíor-IRA
The British Army:	Arm na Breataine
The British Prime Minister:	Príomh-Aire na Breataine
murderer:	dúnmharfóir
barrack:	beairic
bullet:	urchar
criticism:	cáineadh
monitoring:	monatóireacht
dissenter:	easaontóir
democracy:	daonlathas
stain / tarnish:	smál
dangerous:	contúirteach

Scéal 2

cut backs:	ciorruithe
buiséad chúnaimh forbartha:	Developmental Aid budget
carthanacht:	charity
maoiniú:	funding
eagraíocht fóirithinte:	relief organisation
ciste cúnaimh:	aid fund

	impleachtaí: Dept. of Foreign Affairs:	implications An Roinn Gnóthaí Eachtracha
Scéal 3	angry: independent report: submitted, put before: taxi regulator: income: An tAire Iompair: deregulation:	ar buille tuarascáil neamhspleách faoi bhráid rialálaí tacsáí ioncam Minister of Transport dírialú
Scéal 4	Irish Blood Transfusion Service: the blood: lack of blood: hospital: to depend on: donor: attending to: accident:	Seirbhís Fuilistriúcháin na hÉireann an fhuil easpa fola otharlann ag brath ar deontóir ag freastal ar taisme

- *An nuacht – Plé:* Léigh na ceisteanna le bheith cinnte go dtuigeann na foghlaimeoirí gach rud.
- Bí ag siúl timpeall an ranga le linn do gach grúpa a bheith ag plé na ráiteas agus pléigh na ráitis leis an rang ar fad tar éis tamall maith cainte.
- Ceartaigh aon bhotún a chuala tú le linn na gníomhaíochta.

Bileog 14.3

- *Scéalta nuachta - Labhairt:* Scaip **Bileog 14.3** ar gach grúpa de thriúr sa rang.
- Míniú do na foghlaimeoirí go mbeidh pictiúr A ag an gcéad duine sa ghrúpa, pictiúr B ag an dara duine agus pictiúr C ag an tríú duine. Abair leo go mbeidh orthu scéal gairid nuachta a chumadh faoi cad atá ag tarlú sa phictiúr atá acu féin. Iarr orthu ar dtús áfach, a bheith ag obair le chéile chun ransú intinne a dhéanamh ar cad atá ag tarlú sna pictiúir ar fad.
- Nuair atá tamall maith caite acu ag plé na bpictiúr le chéile, iarr orthu a bheith ag obair ina n-aonar chun script nuachta a scríobh faoin phictiúr atá acu féin.
- Bí thusa thart le cuidiú leo más gá, agus nuair atá an script scríofa (leath leathanach nó leathanach iomlán) iarr orthu a scríobhanna féin a léamh amach don bheirt eile sa ghrúpa.
- Abair leo a samhlaíocht a úsáid agus scéalta a chumadh fiú mura bhfuil aon eolas acu faoi na pictiúir.
- Seo thíos eolas faoi na pictiúir duit féin.

A – Tá Uachtarán na Stát Aontaithe, Barack Obama, ag glanadh suas tar éis thréimhse George W Bush mar Uachtarán na Stát Aontaithe a tháinig roimhe. Is é an ‘salachar’ atá i

gceist ná na fadhbanna eacnamaíochta, an cogadh san Iaráic agus an cás Talabanach san Afganastáin.

B – Seo pictiúr a bhí san *Irish Times* faoin am a chas Foireann Rugbaí na hÉireann leis an Bhanríon Shasana, tar éis dóibh an *Grand Slam* a bhuachan sa bhliain 2009. Tá captaen na foirne, Brian O’ Driscoll náirithe mar go bhfuil lámha a chéile imeartha, Ronan O’ Gara, ina phóca aige agus é ag beannú don Bhanríon.

C – I mí na Samhna sa bhliain 2005 chothaigh Willie O’ Dea (an tAire Cosanta) conspóid nuair a sheas sé don ghrianghraf seo le linn tréimhse traenála i gcampa airm sa Churrach i gContae Chill Dara. Cé go bhfuil sé ag díriú piostal uathoibríoch ar an ghrianghrafadóir mhaigh sé nach raibh sé ag iarraidh beag a dhéanamh as tromchúis úsáid an gunna.

- Nuair atá a gcuid scéalta nuachta curtha os comhair na ndaoine eile sa ghrúpa acu iarr ar dhaoine éagsúla a scéalta a léamh amach os ard.
- Ceartaigh aon bhotún a chloiseann tú.

Bileog 14.4a agus Bileog 14.4b

- Roinn an rang i ngrúpaí de bheirteanna agus scaip **Bileog 14.4a** ar dhuine amháin den bheirt agus **Bileog 14.4b** ar an duine eile.
- *Scéalta eacnamaíochta – Duine A/B – stór focal*: Iarr ar gach beirt sainmhíniú a chumadh don fhoclóir.
- *Scéalta eacnamaíochta – Duine A/B – plé*: Caithfidh duine A agus duine B a bheith in ann cur síos a dhéanamh i nGaeilge ar an eolas a thugtar faoi chaiteachas na Stát Aontaithe. Ní hionann an t-eolas ar an dá leathanach áfach agus caithfidh siad plé a dhéanamh ar an bhearna eolais eatarthu, gan féachaint ar bhileog an duine eile. Tá orthu na difríochtaí sin a bhreacadh síos.
- Pléigh thusa na difríochtaí leis na foghlaimeoirí ar fad agus téigh siar ar aon deacracht ghramadaí a tháinig chun cinn le linn na gníomhaíochta.

Bileog 14.5a agus Bileog 14.5b

- Roinn an rang i ngrúpaí de bheirteanna agus scaip **Bileog 14.5a** ar gach duine sa rang.
- *An aimsir – stór focal*: Iarr ar gach beirt an píosa a léamh le chéile agus an foclóir a bhaineann leis an fhearhainn a phlé le chéile. Téigh siar ar aon ní nár thuig siad agus cuir ceist orthu an féidir leo cur leis an liosta.
- *An aimsir – Éisteacht*: Cuir an mhír faoin aimsir ar siúl don rang uair amháin agus tabhair seans dóibh na ceisteanna 1-3 a fhreagairt. Pléigh freagraí na bhfoghlaimeoirí.
- Tabhair nóiméad dóibh na ceisteanna (a)-(d) a léamh agus ansin cuir an téip ar siúl arís dóibh. Ceartaigh na freagraí ansin leis an rang ar fad.
- *An aimsir – Stór focal*: Iarr ar gach beirt a machnamh a dhéanamh ar an fhoclóir a bhaineann leis na topaicí:

Na cineálacha gaoithe

an ghaoth aduaidh
an ghaoth aneas
an ghaoth anoir
an ghaoth aniar
ag ghaoth aniar aduaidh
an ghaoth aniar aneas
an ghaoth anoir aduaidh
an ghaoth anoir aneas

Aimsir mhaith

seal gréine
teocht ard
ag sú na gréine
an ghrian ag scoilteadh na gcloch
lá breá
tirim

Stoirmeacha

gála gaoithe
gaoth mhór
an fharraige chorraithe
gaoth fórsa hairicín
aimsir gharbh

- Bíodh na cártaí (duine A / duine B / duine C) ar **Bileog 14.5b** gearrtha amach agat roimh an rang. Má tá seisear sa rang agat mar shampla, bíodh dhá chóip déanta agat den bhileog agus dhá ghrúpa de thriúr sa rang. Tabhair cárta amháin do gach duine sa ghrúpa.
- Abair leo cúpla nóiméad a chaitheamh ag féachaint ar an aimsir atá ar an chárta atá acu mar go mbeidh siad ag rá leis na daoine eile sa ghrúpa conas mar atá an aimsir ar a gcárta.
- Bí ag éisteacht leo agus pléigh aon deacracht a bhí acu le linn na gníomhaíochta nuair atá siad críochnaithe.
- Iarr ar dhuine nó beirt cur síos a dhéanamh ar an aimsir os comhair an ranga.